



Teideal an Phoist: Príomhthéarmeolaí, An Coiste Téarmaíochta
Clárbhainisteoir le Foras na Gaeilge.

Freagrach do: Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Téarmeolaíochta agus
Foclóireachta

Próifíl an Phoist: Freagrach as clár oibre an Choiste Téarmaíochta a stiúradh agus a bhainistiú thar ceann Fhoras na Gaeilge i gcomhar le Coiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta agus le rannpháirtithe leasmhara eile, agus tacaíocht a sholáthar don Stiúrthóir de réir mar is gá.

Príomchúraimí

Cúraimí Straitéiseacha

- Pleanáil i gcomhar le Coiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta le freastal cuí téarmaíochta a sholáthar do phobal na Gaeilge agus don earnáil phoiblí;
- Forbairt agus scaipeadh éifeachtach téarmaíochta do phobal na Gaeilge ar fud oileán na hÉireann agus níos faide i gcéin a phleanáil agus a chur i gcrích;
- Pleanáil, i gcomhar leis an Stiúrthóir, leis an Eagarthóir Foclóireachta agus le hEagarthóir Sinsearach an Ghúim le freastal cuí a dhéanamh ar na réimsí éagsúla téarmaíochta, foclóireachta agus foilsitheoireachta a bheidh idir lámha ag Foras na Gaeilge;
- Pleananna maidir le forbairtí ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta a dhréachtú i bpáirt leis na páirtithe leasmhara cuí;
- Caidreamh a bhunú agus a chothú le páirtithe leasmhara ábhartha;
- I gcomhar leis an gClárbhainisteoir: Cumarsáid, Margaíocht agus Feasacht an leibhéal feasachta faoi na seirbhísí téarmaíochta atá ar fáil a ardú;
- Bheith cothrom le dáta ar dhea-chleachtais téarmeolaíochta agus cleachtais nua a fheidhmiú dá réir, más gá;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Choiste Téarmaíochta agus na foirne (próisis chinntithe, cáipéisíocht, modhanna oibre srl.) agus moltaí a dhéanamh ina leith chuig an Ghrúpa Ardbhainistíochta.

Cúraimí Oibríochtúla

- Pleananna agus clár oibre a ullmhú agus a chur i gcrích maidir le forbairt agus scaipeadh éifeachtach na téarmaíochta;



- A chinntiú go gcuirfear i gcrích go héifeachtach feidhmiúil na polasaithe, na pleananna agus na cláir oibre aontaithe i réimse na téarmaíochta;
- A chinntiú go gcuirfear i gcrích go héifeachtach pleananna aontaithe maidir le forbairtí ar an mBunachar Náisiúnta Téarmaíochta;
- Cruinnithe de Choiste Stiúrtha an Choiste Téarmaíochta a phleanáil agus a réachtáil i gcomhar le Cathaoirleach an Choiste agus leis na baill eile;
- Riar mar is gá ar na fochoistí éagsúla a d'fhéadfadh an Coiste Téarmaíochta a bhunú ó thráth go chéile;
- A chinntiú go ndéanfar freastal cuí ó thaobh na téarmaíochta de ar riachtanais éagsúla foclóireachta agus foilsitheoireachta Fhoras na Gaeilge;
- Tacaíocht a sholáthar don Stiúrtóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Téarmeolaíochta agus Foclóireachta, de réir mar is gá;
- Bheith rannpháirteach mar bhall den Fhoireann Bhainistíochta Oibríochtúil chun feidhmíocht agus pleanáil thras-rannóige a chinntiú.

Cúraimí Airgeadais

- Buiséad bliantúil cuí a ullmhú do chlár oibre an Choiste Téarmaíochta i gcomhar le foireann bhainistíochta agus le Grúpa Ardbhainistíochta Fhoras na Gaeilge;
- A chinntiú go bhfeidhmíonn An Coiste Téarmaíochta taobh istigh dá bhuiséad faofa.
- Tuairisciú ar bhonn rialta do Rannóg Airgeadais Fhoras na Gaeilge agus nuashonrú a dhéanamh ar phróifil chaiteachais an Choiste Téarmaíochta de réir mar is cuí.

Cúraimí Pearsanra

- Feidhmíocht na mball foirne atá faoina stiúir a bhainistiú;
- Oiliúint chuí a thabhairt agus/nó a sholáthar d'fhoireann An Choiste Téarmaíochta agus na Stiúrtóireachta de réir mar is gá;
- A chinntiú go gcloíonn na baill foirne atá faoina stiúir le polasaithe agus nósanna imeachta Fhoras na Gaeilge;
- Tuairisciú don Stiúrtóir maidir le cur i gcrích cuspóirí rannóige.

Cúraimí Cumarsáide

- Cumarsáid chuí a chothú agus a choinneáil le foireann Fhoras na Gaeilge agus le páirtithe leasmhara;



- Freastal ar chruinnithe foirne agus stiúrthóireachta;
- Cruinnithe rannóige a thionól de réir mar is cuí;
- Teagmhálacha ardleibhéil i réimsí ábhartha a chothú agus a choinneáil.

Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.